RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1607 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 a mhéid a bhaineann le tagairtí dlí áirithe a choigeartú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 110(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leasaíodh Rialachán (AE) Uimh 1308/2013. Leasaíodh Airteagail 96, 97, 98, 105 agus 106 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 chun forálacha in Airteagail 6, 10, 12, 14, 15 agus 20 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([3]) a áireamh iontu, agus scriosadh na hAirteagail sin ansin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1606 ([4]). Thairis sin, tar éis na leasuithe a rinneadh ar Airteagal 97 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le Rialachán (AE) 2021/2117, aistríodh na forálacha a leagtar amach i mír 3 den Airteagal sin a bhí ann cheana.

(2) Ar mhaithe le soiléireacht agus le húsáid éasca le haghaidh na n-oibreoirí, ba cheart na tagairtí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún ([5]), agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, d'Airteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus d'Airteagal 12(1), (3) agus (4), Airteagal 14(1) agus (2) agus Airteagal 20 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 a choigeartú dá réir.

(3) Le Rialachán (AE) 2021/2117, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 freisin a mhéid a bhaineann le hábhar na sonraíochta táirge agus na forais is bonn le cealú. Áirítear in Airteagal 94(2), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ceanglais mhionsonraithe maidir leis an tuairisc ar na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc sa tsonraíocht táirge. Áirítear forais bhreise is bonn le cealú in Airteagal 106 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1606 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33) a mhéid a bhaineann forálacha áirithe maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint le haghaidh fíona agus le cur i láthair sonraí éigeantacha le haghaidh táirgí fíniúna agus rialacha sonracha maidir le tásc agus ainmniú comhábhar le haghaidh táirgí fíniúna, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/273 a mhéid a bhaineann le doiciméadú táirgí fíona allmhairithe (féach leathanach 6. den Iris Oifigiúil).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, clár na n-ainmneacha faoi chosaint, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas iomchuí seiceálacha (IO L 9, 11.1.2019, lch. 46).

(4) Mar thoradh air sin, ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, maidir leis na ceanglais le haghaidh tuairisc ar na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc sa tsonraíocht táirge dá bhforáiltear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34, ba ceart iad a scriosadh. Thairis sin, ba cheart Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, lena leagtar amach foirm na hiarrata ar chealú, a ailíniú le hAirteagal 106 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hinneachar roinn 4, 'Na forais le cealú'.

(5) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Iarratas ar chosaint ó Bhallstáit

Agus iarratais ar chosaint á gcur ar aghaidh ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 96(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, áireoidh siad an dearbhú dá dtagraítear ann agus an tagairt leictreonach d'fhoilsiú na sonraíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 97(4) den Rialachán sin.'

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina gcumhdaíonn iarratas catagóirí éagsúla táirgí fíniúna, léireofar na sonraí a dhearbhaíonn an nasc dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) le haghaidh gach ceann de na táirgí fíniúna lena mbaineann.';

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Tosóidh an tréimhse 3 mhí dá dtagraítear in Airteagal 98(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an dáta a thabharfar an cuireadh chun dul i mbun comhairliúchán do na páirtithe leasmhara trí mhodh leictreonach.

3. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi thorthaí na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 98(4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 laistigh de mhí amháin ó dheireadh na gcomhairliúchán i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(4) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'1. Beidh an méid seo a leanas in iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge, dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh an t-iarratas arna chomhlánú go cuí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo san fhaisnéis atá le foilsiú i gcomhréir le hAirteagal 97(4) de Rialachán Uimh. 1308/2013.';

(5) in Airteagal 11(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) tuairisc ar an leasú sealadach formheasta mar aon leis na cúiseanna lena dtacaítear leis an leasú sealadach dá dtagraítear in Airteagal 105(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;';

(6) Déantar Iarscríbhinní II go VII a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní II go VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34:

'IARSCRÍBHINN II

RÁITEAS AGÓIDE RÉASÚNAITHE

[Déan an bosca iomchuí a mharcáil le "X":] ☐ STFC ☐ TGFC

1. **Ainm an táirge**

   [mar a foilsíodh san *Iris Oifigiúil*]

   …

2. **Tagairt oifigiúil**

   [mar a foilsíodh san *Iris Oifigiúil*]

   An uimhir thagartha: …

   Dáta a fhoilsithe san *Iris Oifigiúil*: …

3. **Ainm an agóidí, (Duine, comhlacht, Ballstát nó Tríú Tír)**

   …

4. **Sonraí teagmhála**

   Teagmhálaí: Teideal: … Ainm: …

   Grúpa/eagraíocht/duine aonair: …

   nó údarás náisiúnta:

   Roinn: …

   Seoladh:

   …

   Teileafón + …

   seoladh ríomhphoist: …

5. **Leas dlisteanach (ní cheanglaítear sin i gcás údaráis náisiúnta)**

   [*Soláthair ráiteas ina mínítear leas dlisteanach an agóidí. Tá údaráis náisiúnta díolmhaithe ón gceanglas seo.*]

6. **CÚISEANNA LEIS AN AGÓID**

   ☐ An t-iarratas ar chosaint, leasú nó cealú, tá sé ar neamhréir leis na rialacha maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha toisc go mbeadh sé i gcoinbhleacht le hAirteagail 92 go 95, 105 nó 106 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus ar na forálacha arna nglacadh dá bhun.

   ☐ Tá an t-iarratas ar chosaint nó ar leasú ar neamhréir leis na rialacha maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha toisc go mbeadh clárú an ainm atá beartaithe i gcoinbhleacht le hAirteagail 100 nó 101 de Rialachán (AE) 1308/2013.

   ☐ Tá an t-iarratas ar chosaint nó ar leasú ar neamhréir leis na rialacha maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha toisc go ndéanfadh clárú an ainm atá beartaithe dochar do chearta an tsealbhóra trádmhairc nó do chearta úsáideora ainm lán-chomhainmnigh nó ainm chomhshuite, a bhfuil aon téarma ann atá comhionann leis an ainm atá le clárú, nó dochar do bheithsine ainmneacha atá comhainmneach i bpáirt nó ainmneacha eile atá cosúil leis an ainm atá le clárú agus a thagraíonn do tháirgí fíniúna atá ar an margadh go dleathacha le 5 bliana ar a laghad roimh an dáta foilsithe dá bhforáiltear in Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

7. **Mionsonraí na hagóide**

[*Soláthair cúiseanna cuí-réasúnaithe agus an bonn cirt, mionsonraí na bhfíoras, fianaise agus tuairimí lena dtacaítear leis an agóid. Soláthair na doiciméid is gá i gcás agóid atá bunaithe ar bheithsine trádmhairc níos luaithe a bhfuil clú agus cáil air (Airteagal 8(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34.*]

8. **Liosta de na doiciméid tacaíochta**

[*Soláthair an liosta doiciméad a seoladh chun tacú leis an agóid.*]

9. **Dáta agus síniú**

[Ainm]

[Roinn/Eagraíocht]

[Seoladh]

[Teileafón: +]

[seoladh ríomhphoist:]

IARSCRÍBHINN III

FÓGRA FAOI DHEIREADH NA gCOMHAIRLIÚCHÁN TAR ÉIS AN NÓS IMEACHTA AGÓID

[Cuir "X" sa bhosca iomchuí:] ☐ STFC ☐ TGFC

1. **Ainm an táirge**

   [mar a foilsíodh san *Iris Oifigiúil*]

2. **Tagairt oifigiúil [mar a foilsíodh san *Iris Oifigiúil*]**

   An uimhir thagartha:

   Dáta a fhoilsithe san *Iris Oifigiúil*:

3. **Ainm an agóidí, (Duine, comhlacht, Ballstát nó Tríú Tír)**

   …

4. **Toradh comhairliúchán**

4.1. **Thángthas ar chomhaontú leis na freasúróirí seo a leanas:**

   [cuir i gceangal cóipeanna de litreacha lena léirítear gur thángthas ar chomhaontú agus na tosca go léir lenar cumasaíodh an comhaontú (Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.]

4.2. **Níor thángthas ar chomhaontú leis na freasúróirí seo a leanas:**

   [cuir i gceangal an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 98(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.]

5. **Sonraíocht Táirge agus doiciméad aonair**

5.1. **Leasaíodh an tsonraíocht táirge:**

   … Leasaíodh*… Níor leasaíodh

   *Má 'Leasaíodh', cuir i gceangal tuairisc ar na leasuithe agus an tsonraíocht táirge leasaithe

5.2. **Leasaíodh an doiciméad aonair:**

   … Leasaíodh**… Níor leasaíodh

   ** Má 'Leasaíodh', cuir i gceangal cóip den doiciméad agus é tugtha cothrom le dáta

6. **Dáta agus síniú**

   [Ainm]

   [Roinn/Eagraíocht]

   [Seoladh]

   [Teileafón: +]

   [seoladh ríomhphoist:]

IARSCRÍBHINN IV

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

[Ainm cláraithe] "…"

Uimhir AE: [i gcomhair úsáid AE amháin]

[Cuir "X" sa bhosca iomchuí:] ☐ STFC ☐ TGFC

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

   [*Soláthair ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra atá ag moladh an leasaithe. Soláthair ráiteas freisin ina leagtar amach leas dlisteanach an iarratasóra.*]

2. **An tríú tír lena mbaineann an limistéar críochaithe**

   …

3. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann na leasuithe difear**

   ☐ Ainm an táirge

   ☐ Catagóir an táirge fíniúna

   ☐ Nasc

   ☐ Srianta margaíochta

4. **Cineál na leasuithe**

   [*Soláthair ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar "leasú ar leibhéal an Aontais" dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.*]

5. **Leasú nó leasuithe**

   [*Soláthair tuairisc uileghabhálach ar gach leasú agus na cúiseanna sonracha atá leis. Ní mór an t-iarratas ar leasú a bheith iomlán agus cuimsitheach. Ní mór an fhaisnéis a thugtar sa roinn seo a bheith uileghabhálach mar dá bhforáiltear in Airteagal 16(1) de Rialachán 2019/33.*]

6. **Iarscríbhinní**

   6.1. An doiciméad aonair comhdhlúite agus comhlánaithe go cuí, mar a modhnaíodh.

   6.2. An leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge mar a foilsíodh é, nó an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

IARSCRÍBHINN V

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

[Ainm cláraithe] "…"

Uimhir AE: [i gcomhair úsáid AE amháin]

[Cuir "X" sa bhosca iomchuí:] ☐ STFC ☐ TGFC

1. **Seoltóir**

   Táirgeoir aonair nó grúpa táirgeoirí a bhfuil leas dlisteanach aige nó acu nó údaráis an tríú tír lena mbaineann an limistéar críochaithe (féach Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34).

2. **Tuairisc ar an leasú nó na leasuithe formheasta**

   [*Soláthair tuairisc ar an leasú caighdeánach nó na leasuithe caighdeánacha agus na cúiseanna leis nó leo mar aon le ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 105(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.*]

3. **An tríú tír lena mbaineann an limistéar críochaithe**

   …

4. **Iarscríbhinní**

   4.1. Cur i bhfeidhm an leasaithe chaighdeánaigh fhormheasta

   4.2. An cinneadh lena bhformheastar an leasú caighdeánach

   4.3. An cruthúnas go bhfuil an leasú infheidhme sa tríú tír

   4.4. An doiciméad aonair comhdhlúite, arna mhodhnú, i gcás inarb ábhartha

   4.5. Cóip den leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge arna fhoilsiú nó an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

IARSCRÍBHINN VI

FORMHEAS LEASAITHE SHEALADAIGH A CHUR IN IÚL

[Ainm cláraithe] "…"

Uimhir AE: [i gcomhair úsáid AE amháin]

[Roghnaigh ceann acu seo, "X":] ☐ STFC ☐ TGFC

1. **Seoltóir**

   Táirgeoir aonair nó grúpa táirgeoirí a bhfuil leas dlisteanach aige nó acu nó údaráis an tríú tír lena mbaineann an limistéar críochaithe (féach Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34).

2. **Tuairisc ar an leasú nó na leasuithe formheasta**

   [*Soláthair tuairisc ar an leasú sealadach nó na leasuithe sealadacha agus na cúiseanna sonracha atá leis nó leo lena n-áirítear an tagairt don aitheantas foirmiúil ar an tubaiste nádúrtha nó na dálaí drochaimsire ag na húdaráis inniúla nó d'fhorchur beart éigeantach sláintíochta agus fíteashláintíochta. Soláthair freisin ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar "leasú sealadach" dá bhforáiltear in Airteagal 105(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.*]

3. **An tríú tír lena mbaineann an limistéar críochaithe**

   …

4. **Iarscríbhinní**

   4.1. Cur i bhfeidhm an leasaithe shealadaigh fhormheasta

   4.2. An cinneadh lena bhformheastar an leasú sealadach

   4.3. An cruthúnas go bhfuil an leasú infheidhme sa tríú tír

IARSCRÍBHINN VII

IARRAIDH AR CHEALÚ

[Ainm cláraithe:] "…"

Uimhir AE: [i gcomhair úsáid AE amháin]

[Cuir "X" sa bhosca iomchuí:] ☐ TGFC ☐ STFC

1. **An t-ainm cláraithe a bheartaítear é a chur ar ceal**

   …

2. **An Ballstát nó an Tríú Tír lena mbaineann an limistéar críochaithe**

   …

3. **An duine, comhlacht, an Ballstát nó an Tríú Tír a bhfuil an iarraidh ar chealú á déanamh aige nó aici**

   [Soláthair ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh nó na soláthraithe a bhfuil an cealú á iarraidh acu (le haghaidh iarratais a bhaineann le tríú tíortha, soláthair freisin ainm agus seoladh na n-údarás nó na gcomhlachtaí deimhniúcháin a fhíoraíonn comhlíontacht leis an bhforáil maidir le sonraíocht an táirge). Soláthair ráiteas freisin ina mínítear leas dlisteanach an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil an cealú á iarraidh aige ((níl gá leis sin i gcás údaráis náisiúnta a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu).]

4. **Na forais le cealú**

   ☐ I gcás nach mbeidh comhlíonadh na sonraíochta táirge comhfhreagraí ráthaithe a thuilleadh (Airteagal 106, an chéad mhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013).

   ☐ I gcás nár cuireadh táirge ar an margadh lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh nó an tásc geografach ar feadh 7 mbliana as a chéile ar a laghad (Airteagal 106, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013).

☐ I gcás ina ndearbhaíonn iarratasóir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 95 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach mian leis cosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a choinneáil a thuilleadh (Airteagal 106, an chéad mhír, pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013).

5. **Mionsonraí na hiarrata ar chealú**

[*Soláthair cúiseanna cuí-réasúnaithe agus an bonn cirt le haghaidh na hiarrata ar chealú, mionsonraí na bhfíoras, fianaise agus tuairimí lena dtacaítear leis an gcealú. I gcás inarb ábhartha, soláthair an doiciméadacht tacaíochta.*]

6. **Liosta den doiciméadacht tacaíochta**

[*Soláthair an liosta doiciméadachta a seoladh chun tacú leis an iarraidh ar chealú.*]

7. **Dáta agus síniú**

[Ainm]

[Roinn/Eagraíocht]

[Seoladh]

[Teileafón: +]

[seoladh ríomhphoist:].'